Oifigeach Pleanála Teanga

Tá post mar Oifigeach Pleanála Teanga á thairiscint ag Coiste Pleanála Teanga Ghaeltacht na Mí f/ch Comharchumann Ráth Chairn ar chonradh dhá bhliain. Is é Comharchumann Ráth Chairn atá freagrach as an bplean teanga do LPT Ghaeltacht na Mí(Ráth Chairn agus Baile Ghib) a chur i bhfeidhm. Ullmhaíodh an plean mar chuid den phróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht agus i gcomhréir le forálacha Acht na Gaeltachta 2012. Is plean seacht mbliana atá i gceist a bhfuil mar aidhm aige cur leis an líon cainteoirí laethúla Gaeilge san LPT. Tá ceithre bliana den phlean curtha i bhfeidhm go dáta.

Is ar an Oifigeach Pleanála Teanga a bheidh an phríomhfhreagracht an plean a chur i bhfeidhm. Is conradh ar théarma seasta dhá bhliain atá i gceist. Beidh an té a cheapfar freagrach as cur i bhfeidhm bearta an phlean teanga. Beidh an té a cheapfar fostaithe ag Comharchumann Ráth Chairn agus freagrach don cheanneagraíocht / comharchumann agus Coiste Pleanála Teanga Ghaeltacht na Mí maidir le clár oibre aontaithe a fheidhmiú. Deis iontach atá anseo taithí a fháil ag obair i réimse na Gaeilge agus na forbartha pobail, taithí a sheasfaidh leis an té a gheobhaidh é dá s(h)aol gairmiúil amach anseo.

Duine cumasach fuinniúil a bhfuil taithí agus cáilíochtaí aige/aici i réimse oibre na pleanála teanga nó in ábhar gaolmhar atá á lorg, le meas agus suim aige/aici i gcur chun cinn na Gaeilge. Fáilteofar roimh iarratas ó dhaoine leis an taithí agus cáilíochtaí seo a leanas:

- Ardchaighdeán Gaeilge, idir labhartha agus scríofa.
- Cáilíocht ábhartha triú leibhéal sa réimse pleanála teanga nó in ábhar gaolmhar.
- Tuiscint agus taithí mhaith ar chúrsaí pleanála teanga, ar fhorbairt pobail agus i bplé le coistí/struchtúir phobail.
- Taithí i mbainistiú agus i gcur i gcrích tionscadal, mar aon le heolas agus taithí ar bhainistiú airgeadais.
- Scileanna maithe cumarsáide, áistheoireachta, comhordaithe agus idirphearsanta.
- Bheith in ann oibriú as a stuaim féin.

Beidh 37 uair oibre sa tseachtain i gceist le cúraimí an phoist lánaimseartha seo agus beidh freastal ar chruinnithe taobh amuigh de gnáth uaireanta oibre mar chuid de na cúraimí sin. Beidh taisteal i gceist leis an bpost, mar sin ní mór d'iarratasóirí ceadúnas tiomána oiriúnach a bheith acu. Tá scála tuarastal ó €35,000 go €50,000 ag gabháil leis an bpost. Tá an plean teanga don LPT le fáil ar shuíomh gréasáin Gaeilge Iorrais ag www.rathchairn.com/pleanail-teanga.

Seoltar litir iarratais mar aon le Curriculam Vitae roimh **Dé hAoine 31 Márta 2023** chuig bainisteoirccrc@gmail.com nó chuig An Cathaoirleach, Coiste Pleanála Teanga Ghaeltacht na Mí, Comharchumann Ráth Chairn, Baile Átha Buí, C15 E8FT.